Preasráitis

**An tSeirbhís Teiripe Oideachais á leathnú chuig 19 scoil speisialta eile i naoi gcontae**

- Ó: An Roinn Oideachais agus Óige
- Foilsithe: 1 Meán Fómhair 2026
- An t-eolas is déanaí: 1 Meán Fómhair 2026

D'fhógair an tAire Oideachais agus Óige, Hildegarde Naughton, agus an tAire Stáit atá freagrach as Oideachais Speisialta agus Cuimsiú, Michael Moynihan, inniu go bhfuil an tSeirbhís Teiripe Oideachais (ETS) á leathnú, agus go mbeidh 19 scoil speisialta eile ag baint leas as an tseirbhís.

Tá an tSeirbhís Teiripe Oideachais (ETS) á leathnú chuig 19 scoil speisialta eile i naoi gcontae agus an leathnú sin mar an chéad chéim shuntasach eile i dtiomantas an Rialtais tacaíochtaí teiripe a neartú do leanaí agus daoine óga a bhfuil riachtanais speisialta oideachais acu.

Tiomantas neamhspleách faoi Chlár an Rialtais is ea an ETS agus is tionscnamh mór tras-rannach atá ann chun tacaíochtaí teiripe a leabú i bpobail scoile. Tá an tseirbhís á soláthar ag an gComhairle Náisiúnta um Oideachas Speisialta (CNOS).

Leis an leathnú is déanaí seo, beidh an ETS ar fáil i ngach contae ina bhfuil scoil speisialta. Tá na 19 scoil bhreise lonnaithe i gcontaetha an Chabháin, an Chláir, Dhún na nGall, Chiarraí, Mhaigh Eo, Uíbh Fhailí, Ros Comáin, Shligigh agus Phort Láirge.

Ag teacht leis na hacmhainní teiripe atá ar fáil, táthar ag súil go mbeidh rochtain ag na scoileanna seo ar thacaíochtaí teiripe faoi dheireadh an chéad téarma scoile sa bhliain acadúil 2026/27.

Tógann an leathnú seo ar an gcéad fheidhmiú céimnithe den ETS a fógraíodh i mí Feabhra 2026 inar cuireadh 45 scoil speisialta, atá i gcnuasaigh scoileanna i gCeatharlach, i gCorcaigh, i mBaile Átha Cliath, i nGaillimh, i gCill Dara, i gCill Chainnigh, i Lú, i Laois, i Luimneach, i Longfort, sa Mhí, i Muineachán, i dTiobraid Árann, san Iarmhí, i Loch Garman agus i gCill Mhantáin, san áireamh sa chéad chéim den tseirbhís.

Rinne CNOS an chéad ghrúpa teiripeoirí a sannadh do scoileanna le linn an chéad fheidhmiú céimnithe a ionduchtú i mí na Bealtaine 2026, agus leanfar de bheith ag cur tuilleadh teiripeoirí leis an ETS sna míonna amach romhainn chun tacú leis na scoileanna atá páirteach sa chéad chéim.

Tá an Roinn Oideachais agus Óige agus CNOS ag leanúint dá gcomhoibriú chun soláthar an ETS a chur chun cinn, agus tá sé beartaithe an tseirbhís a leathnú tuilleadh chuig gach scoil speisialta le linn 2027.

Agus an leathnú ar an tSeirbhís Teiripe Oideachais á fhógairt aici, dúirt an tAire Oideachais agus Óige, Hildegarde Naughton:

"Ba cheart go mbeadh an tacaíocht a theastaíonn uathu ag gach leanbh agus duine óg chun páirt a ghlacadh, chun foghlaim a dhéanamh agus a bheith rathúil ina bpobal scoile. I gcás leanaí a bhfuil riachtanais speisialta oideachais acu, is féidir le rochtain ar na tacaíochtaí teiripeacha cearta fíordhifríocht bhuan a dhéanamh dá n-eispéireas oideachais agus dá gcumas a lánacmhainneacht a bhaint amach.

"Céim thábhachtach chun cinn is ea fógra an lae inniu chun gealltanas an Rialtais a chomhlíonadh maidir le tacaíochtaí teiripe a thabhairt níos gaire do leanaí, dá dteaghlaigh agus do na scoileanna a thugann tacaíocht dóibh gach lá. Tá an-áthas orm go mbainfidh 19 scoil speisialta eile ar fud naoi gcontae leas as an Seirbhís Teiripe Oideachais anois.

"Ciallaíonn an leathnú seo go mbeidh an tseirbhís ar fáil i ngach contae ina bhfuil scoil speisialta feasta. Léiríonn sé an uaillmhian atá againn córas oideachais níos cuimsithí a chruthú, córas ina bhfuil saineolas teiripeach ina chuid lárnach de na tacaíochtaí atá ar fáil laistigh de phobail scoile, seachas a bheith ina rud a gcaithfidh leanaí agus teaghlaigh dul i ngleic leis iad féin."

"Ba mhaith liom aitheantas a thabhairt don obair atá déanta ag CNOS, na scoileanna, na teiripeoirí, na teaghlaigh agus na comhpháirtithe oideachais chun an tseirbhís seo a chur ar fáil. Leanfaimid orainn ag cur leis an dul chun cinn a rinneadh i mbliana, agus tá leathnú breise beartaithe le linn 2027, ionas gur féidir le leanaí agus daoine óga atá ag freastal ar scoileanna speisialta rochtain a fháil ar thacaíochtaí teiripe ardchaighdeáin mar chuid dá dturas oideachais."

Dúirt an tAire Oideachais Stáit atá freagrach as Oideachas Speisialta agus Cuimsiú, Michael Moynihan TD:

"Mar thoradh ar fhógra an lae inniu, beidh láithreacht ag an tSeirbhís Teiripe Oideachais i 64 dár scoileanna speisialta ar fud na tíre anois. Neartaíonn an ETS na tacaíochtaí atá ar fáil do scoileanna speisialta mar go dtugann sí saineolas teiripe isteach i bpobal na scoile. Cuirfidh teiripeoirí i scoileanna agus iad ag tacú le leanaí agus ag obair leis an bhfoireann go mór leis an lá scoile. Ciallaíonn sé freisin gur féidir le teaghlaigh a bheith cinnte go mbeidh an deis ag a leanbh páirt iomlán a ghlacadh sa scoil agus rochtain a fháil ar na tacaíochtaí a theastaíonn ón leanbh le bheith rathúil.

“Tá sé an-tábhachtach domsa, don Aire Naughton agus don Roinn go leanfaimid orainn ag leathnú an ETS agus beimid ag obair chun é sin a bhaint amach sna míonna amach romhainn.”

Dúirt John Kearney, Príomhoifigeach Feidhmiúcháin na Comhairle Náisiúnta um Oideachas Speisialta:

"Is éachtaí suntasacha go dtí seo iad teiripeoirí a ionduchtú agus ceannaireacht teiripe tiomnaithe a bhunú laistigh de CNOS, agus tá áthas orainn tosú ag obair le scoileanna breise de réir mar a leathnaíonn an tseirbhís.

Tá CNOS tiomanta d'oibriú go dlúth le scoileanna, teaghlaigh agus ár bhfoireann teiripe lena chinntiú go bhfaigheann leanaí agus daoine óga an tacaíocht a theastaíonn uathu chun a bheith páirteach agus rathúil san oideachas."

Rachfar i mbun plé leis na scoileanna atá san áireamh sa leathnú seo sna seachtainí amach romhainn agus sula ndéanfar teiripeoir a shannadh. Tá tuilleadh eolais, lena n-áirítear Ceisteanna Coitianta, ar fáil ar shuíomh gréasáin CNOS agus Gov.ie

**Nótaí don Eagarthóir**

- Faoin tSeirbhís Teiripe Oideachais (ETS), déantar teiripe a sholáthar trí shamhail tacaíochta il-leibhéal a fhreagraíonn do riachtanais aonair leanaí agus ag an am céanna a chothaíonn timpeallachtaí cuimsitheacha a bhféadann gach foghlaimeoir a bheith páirteach go fiúntach iontu. Aithnítear sa tsamhail an tábhacht a bhaineann le tacú le daoine aonair, ranganna iomlána, agus pobail scoile i gcoitinne.

- Ceapadh an ETS chun cur le seirbhísí sláinte agus míchumais leanaí atá ann cheana féin, ní chun teacht ina n-ionad, agus oibreoidh sé ar bhealach comhordaithe agus comhlántach i dteannta SNSO, Cúram Príomhúil, Seirbhísí Míchumais Leanaí agus CAMHS.

- Leanfaidh an Clár Píolótach um Thacaíochtaí Teiripe Feabhsaithe Ionscoile, agus an earcaíocht ghaolmhar, ar aghaidh le linn scoilbhliain 2026/27, sna 16 scoil speisialta atá sainaitheanta i gCorcaigh, Baile Átha Cliath agus Gaillimh.

- Soláthraíonn CNOS tacaíochtaí teiripe leanúnacha ionscoile do scoileanna ar feadh tréimhsí sainithe freisin, chomh maith le tacaíochtaí teiripe réigiúnacha, lena n-áirítear Foghlaim Ghairmiúil Múinteoirí (FGM) agus tacaíocht feidhmithe do bhaill foirne scoile.

- Leanann an Roinn Oideachais agus Óige, CNOS agus FSS de bheith ag obair go dlúth le chéile chun tacú le hobair chomhtháite ar fud na seirbhísí oideachais agus sláinte agus chun soiléireacht a chinntiú do scoileanna, do theaghlaigh agus do sheirbhísí.

- Leanfaidh feachtais earcaíochta ar bhonn céimnithe ag tacú le leathnú leanúnach na Seirbhíse Teiripe Oideachais, lena n-áirítear an earcaíocht atá beartaithe do phoist mar Bhainisteoirí Teiripe.